SCONSA

Seán Ó Muireagáin

Erin Taylor a mhaisigh

An Gúm

Baile Átha Cliath



Bhí an madadh an-óg nuair a tháinig sé isteach go dtí an teach mór. Feirm a bhí ann cé nach raibh a fhios sin aige go fóill. Chronaigh sé a mháthair ach ba dhaoine grámhara cineálta iad na daoine sa teach mór. Thug siad bia maith dó agus bhí an madadh beag ar a chompord agus sona sásta sula i bhfad.

D’éirigh an feirmeoir agus a bhean gach lá nuair a scairt an coileach. Cheap an madadh beag gurbh fhéidir leis-sean an rud céanna a dhéanamh. Gach maidin scairt sé amach in ard a ghutha in éineacht leis an choileach. Mheas an madadh beag gur choileach beag é féin agus bhí sé an-sásta leis

sin. Bhí an feirmeoir ag éirí buartha, áfach.

‘Níl a fhios agam an mbeidh an madadh beag seo fóirsteanach don fheirm má cheapann sé gur coileach é féin,’ arsa an feirmeoir lena bhean lá.

‘Tabharfaidh muid tamaillín beag eile dó go bhfeicfidh muid an dtiocfaidh athrú ar an scéal,’ arsa an feirmeoir. Níor thuig an madadh beag an comhrá sin.

Fásann coileáin go gasta agus cheap an feirmeoir lá amháin go raibh an madadh beag tar éis éirí mór go leor chun é a chur amach sa chlós ina theach beag féin. Teach beag seascair a bhí ann agus flapa mar dhoras air.

Bhí eagla ar an mhadadh an chéad oíche sin agus é leis féin sa teach nua. Ach nuair a chuala sé an coileach le héirí na gréine bhí faoiseamh agus áthas air arís.

Rith an madadh beag amach as a theach ag gabháil ceoil go hard, ach ba bheag nár léim sé as a chraiceann

nuair a chonaic sé an coileach den chéad uair. Bhí an coileach an-mhór agus bhí cuma scanrúil air. Stop an madadh go tobann agus stán sé ar an choileach tamall. Ansin thosaigh sé ag scairteadh arís, ag cabhrú leis an choileach, mar dhea. Ní mó ná sásta a bhí an coileach nuair a chonaic sé